Oide Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí
Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

Eolas ar Áit a Chur in Áirithe

Tabhair Faoi Deara:

Má tá cuntas clárúcháin SFGM/PDST agat, níl aon ghá clárúchán eile a dhéanamh ar shuíomh Oide. Ní oibreoidh an suíomh clárúcháin ar ghléasanna soghluaiste. Úsáid seoladh ríomhphoist pearsanta atá uathúil duit chun clárú agus cuimhnigh ar do phasfhocal féin. Caithfidh tú do chuid sonraí pearsanta a chur isteach díreach mar atá siad taifeadta ar chlár na Comhairle Múinteoireachta agus is féidir leat iad a sheiceáil anseo. Ní mór do dhaoine a úsáideann an córas a chinntiú go bhfuil uimhir rolla na scoile cothrom le dáta ar an bpróifíl scoile roimh áit a chur in áirithe.

Conas Clárú ar Líne:

1. Téigh chuig www.oide.ie. Cliceáil ar 'Iarratais/Cuir in áirithe'. Ina dhiaidh sin cliceáil ar 'Múinteoirí' agus 'Event booking'.
2. Féach ar an mbosca atá aibhsithe gorm agus cliceáil ar 'Sign up as a teacher' le clárú.
3. Iontráil do shloinne, (caithfidh tú do shloinne a litriú díreach mar atá sé taifeadta ar Chlár na Comhairle Múinteoireachta).
4. Cuir isteach d'uimhir chlárúcháin leis an gComhairle Mhúinteoireachta.
5. Cuir isteach do dháta breithe (Roghnaigh an mhí, an bhliain agus an dáta ón roghchlár anuas cuí).
6. Ar an gcéad leathanach eile déan cinnte de go roghnaíonn tú uimhir rolla do scoile, mar tá an uimhir seo riachtanach chun freastal ar an seimineár.
7. Sábháil do chuid sonraí logála isteach.

Conas Áit a Chur in Áirithe:

- A luaithe a bhíonn an imeacht beo le cur in áirithe, caithfidh an múinteoir agus an ceannaire scoile a bheith réidh chun áiteanna a chur in áirithe ar an seimineár céanna.
- Téigh chuig www.oide.ie. Cliceáil ar 'Iarratais/Cuir in áirithe'. Ina dhiaidh sin cliceáil ar 'Múinteoirí' agus 'Event booking'.
- Logáil isteach ar do chuntas.
- Cliceáil ar 'Oide Events (Courses)'.
- Cuardaigh an imeacht foghlama gairmiúla faoin eochairfhocal Bí Cineálta - Bunscoileanna (IFG don lá iomlán trí mheán na Gaeilge) nó Bí Cineálta - Primary (Full day PLE through medium of English).
- Roghnaigh d'Ionad Oideachais.

Ceisteanna:

- Má tá aon cheist agat maidir le do chlárúchán a chomhlánú nó áit a chur in áirithe ar an imeacht foghlama gairmiúla seol ríomhphost chuig onlinebooking@oide.ie
- Má tá aon cheist ghinearálta agat faoin imeacht seo, seol ríomhphost chuig primarywellbeing@oide.ie

Oifig an Stiúrthóra Bainistíochta, BOOLM, Sráid an tSéipéil, Dún Dealgan, A91 C7D8.
Managing Director's Office, LMETB, Chapel Street, Dundalk, A91 C7D8.
Info@oide.ie
www.oide.ie